Riaraċan Eastáit Tionsclaċ

(Ar lean. ó leat. 1)

claċ a ḃeaḋ bunaiṫe go speisialta ar ċúrsaí gnóṫa, a stiúrú de réir móḋ na Stát-Seirḃíse, agus aċan áit eile a ċonaiceamar gnó den ċineál seo, a ḃí le déanaṁ ag an Rialtas, ní Roinn go díreaċ a stiúraiġ é, agus níor ḃ'ḟéidir le Roinn na Gaeltaċta féin é a stiúiriú.

Gan múinín

Dob' ḟéidir Gaeltarra Éireann a ċur i mbun na Eastáit seo, aċ an ṁaiṫ an rud é? Breaṫnaímíd ar stair Gaeltarra Éireann ó bunaíoḋ mar Bord Neaṁspleaċ é, agus caiṫfiḋ duine ar biṫ a aḋṁáil, naċ ḃfuil tuigḃeáil dá laġad ag an Ḃord, mar Ḃord, ar na cúramaí a ba ċóir a ḃeiṫ acu. Rinne siad job maiṫ ag aṫrú rud a ḃí 'na eilifant bán Stát-Seirḃíse, mar ḃí Seirḃísí na Gaeltaċta. agus dá ċur ar bunús réasúnta gnó, aċ rinne siad an t-aṫrú sin mar a ḋéanfaḋ gnáċ siopadóir é, ag iarraiḋ a ngnóṫaí féin a ḃur ar ḃun slán.

Ní ḋearna siad iarraċt fiúntaċ ar biṫ le oibreaċas a ṁéadú, nó le coiḃneas na n-oibriṫeoirí fir a ṁéadú, mar a rinne, cuir i gcás Aerṗort na Sionainne.

Agus d'ḟág siad airgead Stát a ḃí le fáil acu, gan úsáid ar feaḋ an ama sin. agus os cionn gaċ rud eile, ar feaḋ na mblianta a ḃí siad ann, ní ḋearna siad iarraċt dá laġad le oiread agus aon tionscail nó aon ṁonarcan nua aṁáin a ḃunú, cé gur ḋúirt Aire na Gaeltaċta arís agus arís eile, nuair a cuireaḋ ceist air féin sa Dáil, gur orṫa a ḃí a ċúram sin.

Mar sin de, ċoṁ fada agus a leanann na baill atá ar an mḂord faoi láṫair. ar an Ḃord, ní ḃeiḋ muinín ag Gaeilgeoirí astu, agus ní ċeart, agus níorḃ aon tairḃe iad a ċur i mbun eastáit tionsclaċ, gurb é a ċuspóir monarcain a ṫógáil, tionsclóirí a ṫarraingt, do ḟonn obair a ċur ar fáil do ṗobal na Gaeltaċta.

Moḋ riaraċáin eile

Mar sin de, caiṫfiḋ muid féaċaint ċun moḋ riaraċáin eile agus níl móḋ riaraċáin níos fearr ann, fá ċoinne eastáit tionsclaċ, i nGaoṫ Doḃair nó Cloiċeannaola, nó sompla an ċinn gur éiriġ leis ċoṁ maiṫ sin, Eastáit Tionsclaċ na Sionainne. Ba ċeart Cuideaċtan ar leiṫ gurb é a ġnó, obair a ċur ar fáil i gceantar Gaoṫ Doḃair - Ċloiċeannaola, tré ṁeán eastáit tionsclaċ, a ḃunú. Dóṫain capital a ċur ar fáil dó, leis na céad gnóṫaí a ḋéanaṁ, agus cumas iasaċtaí a ḟáil ó airgid Stáit.

Agus ansin, daoine a ṫuigeann cuspóir obair a ṡoláṫar sa Ġaeltaċt, agus a ḃfuil cumas gnóṫa iontu, a ċur ina ḃun.

Má níṫear sin, tá ċuile ṡeans go ḃféadfaḋ go n-éireóḋ go geal agus go n-éireóiḋ go h-iontaċ le eastáit tionsclaċ i nGaoṫ Doḃair, nó i gCloiċeannaola. Aċ, go dtí go ndéanfar sin, níl aon seans fiúntaċ ann.

An tseaċtain seo ċugainn, breaṫnóiḋ muid ar cuṁaċtaí ⁊ cúramaí cuideaċtan Eastáit Tionsclaċ na Sionainne.

Caidreaṁ

Ḃí stua mór i láṫair ag dinnéar agus damsa bliantúil Cumann Iarscoláirí Coláiste Ṁuire, Tuar Ṁic Éide aréir in Óstán Imperial i nGaillim. Taiṫn an teaċt le céile seo go mór leis na h-iarscoláirí agus is maiṫ an cuideaċtán é do ḋaoine naċ mbíonn mórán teangṁail aca lena céile ar feaḋ na bliana.

Uaigneas Cine agus Tréigḃéail Tíre

Teasbántas Ealaíne an Oireaċtais

D'oscail Colm Uasal Barnes taisbeantas Ealaíne an Oireaċtais i nDánlann na Caṫraċ inné.

I mbliana is ó raḋarcanna sa Ġaeltaċt is mó a ṫig inspreagaḋ na bpictiúirí is fearr san taisbeantas.

Aċ sé uaigneas éadóċas agus tréigsint is mó atá taoḃ ṫiar de raḋarcanna na Gaeltaċta.

Tá breis as scór de na príoṁ pictiúirí as an céad atá ann ag léiriú raḋarcanna Gaeltaċta. Aċ sé príoṁ áḃar beagnaċ gaċ ceann acu nó áilneaċt tíre agus uaigneas daoine suaiṁneas sléiḃe agus tréigḃeáil pobal.

Ar an dá ard ealaíontóraċt ann tá an saiġdiúr Éireannaċ sa Ċongo le Seán P. Ó Ceallaiġ ⁊ Iascaire le Charles Lambe.

Béiḋ léirṁeas níos iomláine máille le caint an Uasal Barnes againn an tseaċtain seo ċugainn.

Tá an taisbeántas de 109 rudaí réasúnta maiṫ agus is fiú go maiṫ cuairt a ṫaḃairt air.

Gan turn dá láiṁ

Fuair gasúr ón tsráidḃaile timireaċt le déanaṁ sa tí mór seo. Oíċe aṁáin ag dul ó ṡolas de, ṫáiniġ orḋú ċuige ḋul suas an staiġre go dtí'n parlús. Nuair a ṫáiniġ an gasúr arais na cistine ḃí sé sna tríṫí ag gáire. "Cé'n gáire atá ort?" arsan cócaire leis. "An gcreidfeá?" arsan gasúr léi, go ḃfuil ḋáréag aca ṫuas ansiúd sa ṗarlús agus ní ṫiocfaḋ le duine aṁáin aca na dallóga a ṫarraingt anuas. B'éigin daofa cuir fá mo ċoinne-se!

— — — —

Gasúr — Coṁ luaṫ agus ċonaic mé tú, ḃí ḟios agam gur draoi a ḃí ionnat.

Fear — Cé'n dóiġ a ndearna tú sin a mac?

Gasúr — Mar gur ṫarraing tú an ceann ba ġreanṁara dá ḃfaca mé riaṁ. amaċ as do hata!

— — — —

Saoiste mianaċ — Cé'n fáṫ naċ ḃfuil tusa ag iompar aċ mála aṁáin guail ḟaid as tá na h-oibriṫe eile ag iompar dá mála?

Oiḃrí mianaċ — Ó! innseoiḋ mé duit cé'n fáṫ. Tá'n ċuid eile aca ró-ḟallsa dá aistir a ḋéanaṁ mar ḋéanaim-se anois!

— — — —

Ceist agam ort

"A aṫair," arsan mac. "Is ea arsan t-aṫair. "Caidé atá uait anois?" "Deirtear anseo," arsan mac: 'Cuirtear aiṫne ar ḋuine ó'n ċoṁluadar a ċoinníonn sé.' "An fíor sin a aṫair?" "Is ea, is ea. cinnte, is fíor." "Mar sin a aṫair,' 'arsa mo ḋuine arís "Má ċoinníonn fear maiṫ coṁluadar le droċ ḟear an ḃfuil an fear maiṫ olc, cionnas coṁluadar a ċoinneáilt le droċ ḟear ,nó an ḃfuil an droċ ḟear maiṫ, cionnas coṁluadar a ċoinneáilt le fear maiṫ?'

— — — —

An focal deirneaċ

Eisean — Tá mé ag feiṫeaṁ leat le leaṫ-uair a ċloiġ.

Ise — Ní ormsa atá an loċt gur ḟan tú leaṫ-uair anseo. Cé'n fáṫ ar ṫosaiġ tú ag feiṫeaṁ liom ċoṁ luaṫ sin?

— — — —

Máistir — Má ḃíonn tú i gcónaí go deas múinte le do ċairde beaga. an ḃfuil ḟios agat caidé ṡílfiḋ siad ḋuit?

Gasúr — Ó, is ea, tá ḟios agam, sífiḋ siad uiliġ go dtiġ leofa mé a ṫí!

— — — —

Fear — D'ḟág an fear sin bearna im ṡaol.

Fear eile — Ar ḋlúṫ-ċara duit é le linn d'óige?

Fear — Ó níorḃ ea, maise, aċ d'imir mé peile leis. agus ḃuail sé amaċ dá ḟiacail liom uair."

Leitir Mór

I dTeaċ Pobail Naoṁ Pádraiġ, Gaillim, pósaḋ an Gárda Peadar Ó Aṁlaiġ, Aclár, Co. Ṡligiġ. mac le Peadar Mac Aṁlaiġ agus a ḃean, agus Treasa Ní Iarflaiṫe, O.S., Leitir Mór, Co. na Gaillime, iníon de Donnċa Ó hIarflaiṫe, O.S.. Leitir Mór, agus Bríd Ḃean Uí Iarflaiṫe, naċ maireann. An tAṫair T. Breaṫnaċ, S.P., a ṗós iad le Aifreann an Ṗósta agus Beannaċt an Ṗápa, agus ḃí an tAṫair G. Ó Cuinn, S.P., Naoṁ Pádraiġ. Gaillim, an tAṫair M. Ó Craḋáin, S.C., Baile Ċatail agus an tAṫ. Lillis, Baile Áṫa Cliaṫ, ag caḃrú leis. A h-aṫair a ṫug an ḃrideoġ le pósaḋ agus ḃí sí gléasta in gúna lán-ḟad lása, ós cionn satin. Ḃí sí ag caiṫeaṁ ḃeil lán-ḟad, teannta le tiara de péarlaí. D'iompar sí bláṫleasc de carnations bán. Póilín agus Proinnsiasín Uí Iarflaiṫe a ṡeas léi, agus ċaiṫ siad gúnaí lán-ḟad de satin gorm, agus ceann beart ag cur leis, agus d'iompar siad bláṫleasc de rósa bándearga. Tomás Ó Cionnaiṫ agus Seosaṁ Mac Aṁlaiġ a ṡeas leis an ḟear. Ḃí os cionn 80 ag an ḃainis in Teaċ Ósta an Iarannród. i nGaillim.

Má' Cuilinn

Ḃuaiġ an Cloċán ar Má Cuilinn i gcluiċe leaṫ-ċeannais ceannas an Iarṫar insan ṗeil soiséaraċ ag Uaċtar Árd, Dé Doṁnaiġ. Proinsias Ó Caḃáin, O.S., a ḃí na ṁoltóir, agus b'é an scór— An Cloċán 2-8, Má Cuilinn 1-5. Beiḋ Brian Mac Oireaċtaiġ, ó Uaċtar Árd ag imirt do Ġaillim i gcoinniḋ Hertfordshire ag Luton, Dé Doṁnaiġ.

Tugaḋ bronntanas don Sáirsint Crofton agus a ḃean, Má' Cuilinn, ar son Gárdaí Ceantair Uaċtar Árd. An Ceannfort P. Ó Gallċoḃair a rinne an bronnaḋ, de tray airgeadais, ⁊ set de gloiní Ṗortláirge, ar ócáid a éirí as na Gárdaí. Ṁol an Ceannfort Ó Gallċoḃair go h-árd an seirḃís éifeaċtaċ a ṫug an Sáirsint Crofton, agus ṗuí sé blianta fada séanṁara dó féin agus dá ṁnaoi. Tugaḋ an Sáirsint Crofton i Sligeaċ, aċ ṫug sé 22 bliain seirḃíse i Má' Cuilinn, agus roiṁe sin ḃí sé roinnt ṁaiṫ blianta i Sráṫ Salaċ. Tá a ṁac, Seán ins na Gárdaí, san am i láṫair, agus é i gCloċ na Rón. Beiḋ siad na gcónaí i nGaillim ó seo amaċ.

Insan comórtas deireanaċ de séasúr na hiascaireaċta, faoi ċoimirce Braiṫeaċt na Coiriḃe, ṫóg 70 slat-iascairí le 31 bádaí os cionn ceaṫrú tonna de liús ar Loċ Coiriḃ Dé Doṁnaiġ.

Bainisteoir — Cé'n ḟaid a ċaiṫ tú ag an obair ḋeirneaċ a ḃí agat?

Iarraṫóir — Daṫad bliain.

Bainisteoir — Aċ ar do ṗáipéar iarratais, trioċa bliain d' aois. Conas sin?

Iarraṫóir — Am-breise!!

Polasaí Connraḋ na Gaeilge

Léiriṫe ag preas-agallaṁ 11-10-65.

D'ḟonn craoḃaċa nua a ḃunú sna contaeṫa atá lag faoi láṫair ó ṫaoḃ an Ċonarṫa, tá sé beartaiṫe coistí a ḃunú i ngaċ contae a ḋéanfaiḋ cúram de ḃunú craoḃaċa laistiġ dá limistéir féin.

Ní leor líon na gcraoḃ a ṁéadú, áfaċ. gan cúram a ḋéanaṁ de líon na n-oibriṫeoirí oilte atá againn, mar is orṫu siúd a ḃraiṫeann fiúntas na gcraoḃ. Tá sé socraiṫe mar sin go riṫfear Cúrsaí do Ṫreoraiṫe níos minicí feasta ċun baill óga an Ċonarṫa a oiliúint agus a spreagaḋ. Cuireaḋ an ċéad cúrsa ar siúl faoin scéim nua seo i mḂrú na Mí an ṁí seo caiṫe agus d'ḟreastal dá scór coisteoirí óga ón gcaṫair air.

Scoileanna

Ionas go mbeaḋ an Conraḋ ina lán-neart sna blianta amaċ roṁainn ní mór dúinn teaċt ar na daoine óga sna scoileanna agus iad a ullṁú trí Ċonraḋ na nÓg le páirt a ġlacaḋ in obair na Gaeilge nuair a ḟágann siad an scoil. Ċuige sin tá sé socraiṫe ag an gCoiste Gnóṫa cumann náisiúnta a ḃunú sa ċéad áit le ha-agaiḋ meánscoileanna ⁊ ceardscoileanna le go gceanglófaí le céile, agus go neartófaí dá réir, na craoḃaċa uile atá ag obair as a gconlán féin ċeana féin ar ṁaiṫe leis an nGaeilge in ana ċuid scoileanna ar fud na tíre agus ina ṫeannta sin go mbunófaí craoḃaċa den sórt céanna in aon scoil eile, oiread agus is féidir, naċ ḃfuil a leiṫéid ag feiḋmiú fós inti.

Is d'ḟonn an iarraċt náisiúnta a leaṫnú is a ḋaingniú atá seo á ḃeartú ċun go mbeaḋ buantoraḋ ar a ḃfuil á ḋéanaṁ ag na scoileanna ar son na teanga. Tuigtear go ḃfuil toraḋ maiṫ, mar atá an scéal, ar an obair in anċuid áiteanna. Is toisc go dtuigtear dúinn gur mó de ṫoraḋ fós a ḃeaḋ uirṫi aċ na h-iarraċtaí éagsúla a ċoṁ eagrú, agus ċun caoi a ṫaḃairt d'an-ċuid eile a ḃeiṫ páirteaċ san obair, atá seo á ḃeartú ag an gConraḋ.

Nuair a ḃeiḋ na socraiṫe go léir déanta faoin scéim seo i gceann míosa nó mar sin, taċarfar tuilleaḋ eolais ina ṫaoḃ.

Léaċta

Ar na niṫe eile atá beartaiṫe ag an gConraḋ faoi láṫair tá sraiṫ léaċt a ċuirfear ar siúl in áiteanna éagsúla ar fud na tíre agus foilsiú paimfléidí ċun aiḋmeanna an Ċonarṫa a léiriú do na daoine. Ċeana féin, tá an ċéad paimfléid á ċur i gcló.

Ollċomóraḋ

Ní ligfear do ḃliain cuiṁneaċán an Éirí Amaċ imeaċt gan ollċomóraḋ ag an gConraḋ don ósáid. Mar ċuid den ċomóraḋ sin beiḋ tionól seaċtaine i Rinn Ṁic Gormáin sa tseaċtain deireanaċ de ṁí Iúil. Tá socraiṫe á ḋéanaṁ ina ṫaoḃ sin faoi láṫair agus foillseófar tuilleaḋ eolais faoi ar ball.

Ċun na scéimeanna seo agus scéimeanna eile a ċur ar aġaiḋ agus a eagrú i gceart, beiḋ timirí lánaimseararaċa ag teastáil ċun an obair a ḋéanaṁ go h-éifeaċtaċ.

Timirí

Is áṫas le Coiste Gnóṫa Ċonraḋ na Gaeilge a ḟógairt go ḃfuil beirt ṫimire á ċeapaḋ ċun dtús a ċur le eagar na gcraoḃ ar fud na tíre. Ní aon ḃeartas nua i saol an Ċonarṫa é seo. B'iad na timirí agus na múinteoirí taistil a ḃí ag an gConraḋ i dtús a ré a spreag an fás mór a ṫáiniġ ar an gConraḋ sna blianta sin. As an mborradh sin i gConraḋ na Gaeilge ṫáiniġ an aṫḃeoċaint mór náisiúnta ba ċúis le stát neaṁspléaċ a ḃeiṫ againn inniu.

Is as Luimneaċ do Ṁáirtín Mac Cormaic, tá sé pósta agus triúr cloinne air. Tá taiṫí na mbliain ag Máirtín ar obair an Ċonarṫa. Is ball díograiseaċ é le deiċ mbliain agus ċaiṫ sé roinnt mbliain mar rúnaí cúnta san Árd-Oifiġ. Tá aiṫne ag Gaeil Luimniġ air ón obair atá déanta aige do Rose agus d'Áras Íde, an coláiste Gaeilge ag Fainġ. Is i gCo. an Ċláir, Co. na Gaillime, Muiġeo agus Roscomáin a ḃeiḋ sé ag obair mar ṫimire i dtús báire.

Rugaḋ Labrás Ó Murċú i gCaiseal Muṁan i gCo. Ṫiobrad Árann aċ ba i gCluain Meala i ndeisceart an contae a ḃí sé ag obair go dtí seo mar ċléireaċ in Oifiġ an Ċoṁairle Ċontae. Dála Ṁáirtín tá taiṫí na mbliain aige ar obair an Ċonarṫa agus is cinnte go seasfaiḋ an taiṫí sin leis sa ċúram atá air anois. Is i gCo. Ċill Ċoinniġ, Ceaṫarloċ. Portláirge agus Loċ Garmán a ḃeiḋ sé ag obair mar ṫús.

Ċoṁ maiṫ leis an mbeirt seo, tá sé i gceist go mbeiḋ timirí deonaċa ag obair faoi na Coistí Ċontae. Feiḋmeoiḋ Uaċtarán an Ċonarṫa mar stiúrṫóir ar na timirí go sealadaċ.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Dé Máirt seo a ċuaiġ ṫart in ḋiaiḋ scéala a ṫeaċt ar maidin go raiḃ an Pápa arais beo slán óna aistear fada go Nua Eaḃraċ, ḃí lá saṁraiḋ againn naċ raiḃ a léiṫéid fá seo ó ḃí anuraiḋneas ann. Corraḋ 'gus scór d' éanlaiṫ na coille ag ceol aṫuair ṫart fá'n ċoille ar ċúl oifiġ an ṗosta. Agus málaid d'ḟuiseoiġ taoḃ seo de ṫiġ Ainoí Ṗádraiġ ⁊ fonn filiméala a ṫaḃairt aici as gorm-ċroí na spéire um árd-tráṫnóna faoi ċeo-ṫeas na gréine nár moṫaíoḋ le fada an lá.

Tionólaḋ Dál Banríona an Ḟéṁair insan North Star Ballroom, i gCarraiġ Airt. oíċe Ḋiardaoin seo a ċuaiġ ṫart agus ḃí an saol mór agus a ṁáṫair sa láṫair ann. Ba í Anna Ní Ḃaoláin, 'níon an Sáirsint, ar cuireaḋ an ċoróin uirṫi agus ar tugaḋ sais de ṡíoda órga agus bronntanas airgid di lena ċois sin. Ba í Lil, 'níon de Ṗádraig Ó Gallċóir as an ḃaile-ṁór, a ḃuaiġ an dara duais — agus, dá ḃrí seo. tá áḃar dá réaltóg - scannan insan ṗaróiste seo san am i láṫair.

Ba ċúis iontais agus áḃar buarṫa dúinn uiliġ fán ċeanntar seo maidin Dé Doṁnaiġ, in ḋiaiḋ ama-Aifrinn, nuair a ċualatas fán ḃás a ṫeaċt go tobann tuataċ ar Leon Ó Luaḋóg i dtiġ-taḃairne Ċinn an Droiċid, i gCarraiġ Airt,agus gan é aċ fá ċúpla bliain den leaṫċéad, ar ḋeis Dé go raiḃ a anaṁ. Níṫear coṁḃrón lena ḋearṫáireaċa: Dónal agus Fearġal (sa ḃaile) agus Amḃrias, Pádraig agus Séamus (i gcéin) agus a ċuid deirfiúraċa: Áine. Bean Aoiḋ Uí Ġallċoḃair; Siúan, Bean Ṡeáin Ṁic Giolla Ḃríde; Séilín Bean an Ridsiġ, agus Edith (insan British Embassy, Tokyo) agus mórán gaolta fríd Ḋún na nGall agus Co. Ḋoire.